# CÁIN CLÁRAITHE FEITHICLÍ
## IARRATAS AR ÚDARÚ FAOIN ACHT AIRGEADAIS, 1992, arna leasú (Alt 136)
## FÉACH AR NA NÓTAÍ LASTALL GO CÚRAMACH ROIMH AN BHFOIRM SEO A CHOMHLÁNÚ

### SONRAÍ AN IARRATASÓRA

Ainm na Cuideachta / an Duine Aonair / na Comhpháirtíochta:

Ainm Gnó / ag trádáil mar:

Áitreabh dá n-iarrtar an t-údarú:

Seoladh (Eircode san áireamh) le haghaidh Taifead (más éagsúil):

### SONRAÍ GNÓ

Uimhir Clárúcháin CBL:

Uimhir Fóin:

Facs: Uimhir:

Ríomhphost:

### GNÍOMHAÍOCHT A DTEASTAÍONN ÚDARÚ LENA HAGHAIDH

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dáileoir | ☐ | Déileálaí | ☐ |
| Déantúsóir | ☐ | Tiontóir | ☐ |
| Oibritheoir Fruilithe Carranna | ☐ | Stórálaí | ☐ |

### CATAGÓIR FEITHICLE

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| M1 / N1 (Catagóir A) | ☐ | N1 (Catagóir B) | ☐ | M2, M3, N2, N3, T1-T5 (Catagóir C) | ☐ |
| Catagóir D | ☐ | L1-L7 (Catagóir M) | ☐ | | |

### DEARBHÚ ÓN IARRATASÓIR

Dearbhaímse, a bhfuil a ainm thíos, an méid seo:

- Is duine mé atá cláraithe le haghaidh CBL;
- Tá sé beartaithe agam a bheith rannpháirteach go gníomhach sa ghníomhaíocht nó gníomhaíochtaí gnó thuas ag an áitreabh dearbhaithe;
- Is áitreabh é an t-áitreabh dearbhaithe ina bhféadtar an ghníomhaíocht nó gníomhaíochtaí gnó thuas a chur i gcrích go dlíthiúil;
- Is mé sealbhóir an deimhnithe imréitigh cánach reatha a eisíodh de réir alt 1095 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;
- Cuirfidh mé na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas láithreach faoi aon athrú sna sonraí thuas;
- Cloífidh mé leis na coinníollacha atá cuí don údarú a deonaíodh dom;

agus, déanaim iarratas leis seo ar údarú faoin Acht Airgeadais, 1992, arna leasú.

Síniú: ............................................ Dáta: ............................

Post: ............................................

### ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

#### SEICLIOSTA

- Seiceálacha críochnaithe: ☐
- Iarratas ceadaithe: ☐
- TAN sannta: ☐

#### SONRA ÚDARAITHE

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Tagairt: | | | | | |
| TAN: | | | | | |
| Cód na hoifige áitiúla: | | | | | |

Curtha isteach ag: ............................ Dáta curtha isteach: ............................

Síniú: ............................ Dáta: ............................

Foirm VRT 1 (Rev. 3)

# NÓTAÍ AR CHOMHLÁNÚ NA FOIRME SEO

- Nuair a bheidh sé comhlánaithe, i mbloclitreacha, ní mór an fhoirm seo a bheith sínithe ag an iarratasóir nó ag duine atá údaraithe go cuí chun síniú thar ceann an iarratasóra. I gcás cuideachta, is gnách gur Stiúrthóir nó Rúnaí na Cuideachta a bheidh ann, i gcás comhpháirtíochta, duine de na páirtnéirí, nó, i gcás trádálaí aonair, an trádálaí é/í féin.

- I ndáil leis an áitreabh, iarrtar ort seoladh iomlán gach áitreabh a thabhairt ina gcoinneoidh tú feithiclí neamhchláraithe le linn chúrsa do ghnó. Má tá breis agus áitreabh amháin i gceist, bain úsáid as an mbileog bhreise a chuirtear ar fáil.

  *Tabhair do d'aire, i gcomhthéacs gach áitreabh faoi d'úinéireacht, nó faoi léas duit faoi chomhaontú dlíthiúil. Ní mór go gcomhlíonfadh gach áitreabh na riachtanais uile pleanála agus dlí eile d'fhonn gnó a reáchtáil.*

- Nuair atá an bosca 'Gníomhaíocht a dteastaíonn údarú lena haghaidh' á chomhlánú, níor chóir ach an ghníomhaíocht nó na gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe agat dul ina mbun láithreach a roghnú.

- I gcás an bhosca 'Catagóir feithicle', tabhair do d'aire nár chóir tic a chur ach amháin leis na catagóirí feithicle sin lena bhfuil an t-iarratasóir ag déileáil anois, nó atá beartaithe ag an iarratasóir déileáil leo go gairid amach anseo.

- Maidir le húdarú chun déileáil le catagóir shonrach feithicle, folaíonn sé go huathoibríoch údarú chun déileáil i ngach ceann de na catagóirí faoina mbun sin – seachas Catagóir M (gluaisrothair). Ní mór do dhaoine ar mian leo déileáil le gluaisrothair údarú a fháil ina leith seo, is cuma cé acu údaruithe eile a d'fhéadfadh a bheith acu.

- Ní mór iarratais ar Dheimhnithe Imréitigh Cánach a dhéanamh ar líne ar sheirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim. Féadtar eolas breise ina leith seo a fháil anseo: **https://www.revenue.ie/ga/starting-a-business/tax-clearance/index.aspx.** Féadtar iarratais sa phost a dhéanamh ach an Fhoirm TC1 a chomhlánú agus a chur faoi bhráid an tseolta seo a leanas: An tAonad Imréitigh Cánach, Rannóg an Ard-Bhailitheora, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972. Teastaíonn Deimhniú Imréitigh Cánach le haghaidh gach iarratais nua. Féadtar deimhnithe a iarraidh ó shealbhóirí reatha údaruithe.

- Ba chóir foirmeacha iarratais agus deimhnithe comhlánaithe a sheoladh ar ais lena bpróiseáil chuig do Bhrainse áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, agus is iadsan a chuirfidh foirmeacha ar fáil agus a dhéileálfaidh le fiosruithe.

- Maidir leis na forálacha dlíthiúla i ndáil le deonú an údaraithe seo, tá siad leagtha amach sa reachtaíocht phríomha in Alt 136 den Acht Airgeadais, 1992, arna leasú, agus sa reachtaíocht thánaisteach sna Rialacháin um Chlárú agus Cánachas Feithiclí, 1992 (I.R. 318 de 1992) (arna leasú ag I.R. 576 de 2007).

- Tabhair do d'aire, sa chás go scoirtear de chloí leis na riachtanais le haghaidh clárúcháin, nó sa chás nach gcomhlíontar coinníollacha an údaraithe, féadann na Coimisinéirí Ioncaim aon údarú a eisítear faoi Alt 136 den Acht Airgeadais, 1992, arna leasú, a aisghairm.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach
**Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

RPC014158_GA_WB_L_1